



RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/293 ÓN gCOIMISIÚN
an 9 Feabhra 2026

lena leasaítear Iarscríbhinní I go IV, VII, VIII, XI agus XIII agus lena gceartaítear Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 a mhéid a bhaineann le formheas nó aistarraingt an stádas saor ó ghalair atá ag Ballstáit áirithe, nó ag criosanna nó deighleoga díobh, i ndáil le galair liostaithe áirithe agus le formheas na gclár díothaithe maidir le galair liostaithe áirithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 31(4), an dara fómhír, Airteagal 36(4), Airteagal 37(4) agus Airteagal 42(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) 2016/429 leagtar síos rialacha sonracha ó thaobh galair de maidir leis na galair liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 5(1) de, agus sonraítear an chaoi a bhfuil na rialacha sin le cur i bhfeidhm maidir le catagóirí éagsúla de na galair liostaithe sin. Le Rialachán (AE) 2016/429 déantar foráil freisin maidir leis an bhformheas nó an aistarraingt a dhéanfaidh an Coimisiún ar stádas saor ó ghalair Ballstát nó criosanna nó deighleog díobh maidir le galair liostaithe áirithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointí (a), (b) agus (c), de. Ina theannta sin, foráiltear le Rialachán (AE) 2016/429 go mbunóidh na Ballstáit cláir dhíothaithe éigeantacha maidir leis na galair liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointe (b), de, agus déantar foráil ann i ndáil le cláir dhíothaithe roghnacha maidir leis na galair liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointe (c), de, agus maidir le formheas na gclár sin ag an gCoimisiún.
- (2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún ⁽²⁾ forlíontar Rialachán (AE) 2016/429 agus leagtar síos na critéir maidir le stádas saor ó ghalair a dheonú, a choinneáil ar bun, a chur ar fionraí agus a aistarraingt i gcás Ballstát nó criosanna nó deighleoga díobh, agus na ceanglais maidir le formheas clár díothaithe Ballstát nó criosanna nó deighleog díobh.
- (3) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/2623 ón gCoimisiún ⁽³⁾ forlíontar Rialachán (AE) 2016/429 a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le stádas saor ó ghalair do dheighleoga ina gcoimeádtar ainmhithe talún a fhormheas agus a aithint agus leagtar síos rialacha agus coinníollacha sonracha maidir le stádas sláinte ainmhithe deighleog le haghaidh éanlaith chlóis a aithint a mhéid a bhaineann leis an bhfliú éanúil ardphataigineach agus ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle.

⁽¹⁾ IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/oj>.

⁽²⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le faireachas, cláir dhíothaithe agus stádas saor ó ghalair i ndáil le galair liostaithe áirithe agus galair áirithe atá ag teacht chun cinn (IO L 174, 3.6.2020, lch. 211, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/689/oj).

⁽³⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/2623 ón gCoimisiún an 30 Iúil 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le stádas saor ó ghalair do dheighleoga ina gcoimeádtar ainmhithe talún a fhormheas agus a aithint (IO L, 2024/2623, 4.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2024/2623/oj).

- (4) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 ón gCoimisiún (*) leagtar síos rialacha cur chun feidhme le haghaidh na ngalar liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointí (a), (b) agus (c), de Rialachán (AE) 2016/429, maidir le hainmhithhe, a mhéid a bhaineann leis an stádas saor ó ghalair agus an stádas neamh-vacsáinthe atá ag Ballstáit áirithe nó ag criosanna nó deighleoga díobh, agus formheas na gclár díothaithe maidir leis na galair liostaithe sin. Go sonrach, liostaítear sna hlarscríbhinní a ghabhann leis, na Ballstáit nó na criosanna nó deighleoga díobh a bhfuil stádas formheasta saor ó ghalair acu agus a bhfuil clár dhíothaithe éigeantacha nó roghnacha fhormheasta acu cheana féin. Mar gheall ar athruithe ar an staid eipidéimeolaíoch san Aontas maidir le galair liostaithe áirithe, ba cheart larscríbhinní I go IV, VII, VIII, XI, agus XIII a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin a leasú.
- (5) A mhéid a bhaineann le hionfhabhtú le *Brucella abortus*, *B. melitensis* agus *B. suis*, ionfhabhtú le coimpléasc *Mycobacterium tuberculosis*, ionfhabhtú le víreas an chonfaidh, liúcóis bhólachta eansótach, buinneach víreasach bhólachta agus neacróis fhuilghinte ionfhabhtaíoch, chuir roinnt Ballstát iarratas chuig an gCoimisiún le déanaí ar stádas saor ó ghalair a fhormheas le haghaidh criosanna áirithe dá gcríoch. Ina theannta sin, tá fógra tugtha don Choimisiún ag roinnt Ballstát agus ag an Ríocht Aontaithe, ag gníomhú di i ndáil le Tuaisceart Éireann i gcomhréir le Creat Windsor, faoi ráigeanna d'ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) ar a gcríoch. Ba cheart na hathruithe sin a léiriú in larscríbhinní I go IV, VII, VIII, XI agus XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620.
- (6) A mhéid a bhaineann le *Brucella abortus*, *B. melitensis* agus *B. suis* i bpobail ainmhithe caorach agus gabhair, le hionfhabhtú le coimpléasc *Myobacterium tuberculosis*, agus le liúcóis bhólachta eansótach, tá faisnéis curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag an gCróit lena léirítear go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le stádas saor ó ghalair a aithint, coinníollacha a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689, le haghaidh chríoch iomlán an Bhallstáit sin. Tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh, tá sé léirithe go gcomhlíonann an t-iarratas sin na critéir a leagtar síos i gCuid II, Caibidil 4, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 maidir le stádas saor ó ghalair a fhormheas. Dá bhrí sin, ba cheart críoch iomlán na Cróite a liostú mar chríoch atá saor ó ionfhabhtú le *Brucella abortus*, *B. melitensis* agus *B. suis* i bpobail ainmhithe caorach agus gabhair, ó ionfhabhtú le coimpléasc *Myobacterium tuberculosis* agus ó liúcóis bhólachta eansótach, i gCaibidil 2 de Chuid I d'Iarscríbhinn I, i gCuid I d'Iarscríbhinn II agus in larscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620, faoi seach. Dá bhrí sin, ba cheart na hlarscríbhinní sin a leasú dá réir.
- (7) A mhéid a bhaineann le *Brucella abortus*, *B. melitensis* agus *B. suis* i bpobail d'ainmhithe buaibheacha, tá faisnéis curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag an Ungáir agus ag an Iodáil lena léirítear go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le stádas saor ó ghalair a aithint, coinníollacha a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689, le haghaidh chríoch iomlán na hUngáire agus le haghaidh chúigí Trapani agus Caltanissetta i réigiún na Sicile, le haghaidh chúige Chieti i réigiún Abruzzo, agus le haghaidh chúige Isernia i réigiún Molise san Iodáil. Tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh, tá sé léirithe go gcomhlíonann na hiarratais sin na critéir a leagtar síos i gCuid II, Caibidil 4, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 maidir le stádas saor ó ghalair a fhormheas. Dá bhrí sin, críoch iomlán na hUngáire, agus cúigí Trapani, Caltanissetta i réigiún na Sicile, cúige Chieti i réigiún Abruzzo agus cúige Isernia i réigiún Molise san Iodáil, ba cheart iad a liostú mar chríocha atá saor ó ionfhabhtú le *Brucella abortus*, *B. melitensis* agus *B. suis* i bpobail d'ainmhithe buaibheacha, i gCaibidil 1 de Chuid I d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620. Dá bhrí sin, ba cheart an larscríbhinn sin a leasú dá réir.
- (8) A mhéid a bhaineann le hionfhabhtú le víreas an chonfaidh, tá faisnéis curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag an bPolainn lena léirítear go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le stádas saor ó ghalair a aithint, coinníollacha a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689, le haghaidh chríoch iomlán chúigí Łódzkie, Mazowieckie agus Świętokrzyskie, agus le haghaidh criosanna áirithe de chúigí Lubelskie agus Podkarpackie. Tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh, tá sé léirithe go gcomhlíonann an t-iarratas sin na critéir a leagtar síos i gCuid II, Caibidil 4, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 maidir le stádas saor ó ghalair a fhormheas. Dá bhrí sin, ba cheart na criosanna sin a liostú mar chriosanna atá saor ó ionfhabhtú le víreas an chonfaidh in larscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620. Dá bhrí sin, ba cheart an larscríbhinn sin a leasú dá réir.
- (9) A mhéid a bhaineann le buinneach víreasach bhólachta, tá faisnéis curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag an nGearmáin lena léirítear go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le stádas saor ó ghalair a aithint, coinníollacha a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689, i réigiúin Borken, Gütersloh agus Paderborn, i stát Rhine-Westphalia Thuaidh. Tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh, tá sé léirithe go gcomhlíonann an t-iarratas sin na critéir a leagtar síos i gCuid II, Caibidil 4, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 maidir le stádas saor ó ghalair a fhormheas. Dá bhrí sin, ba cheart na réigiúin sin a liostú mar chriosanna atá saor ó bhuinneach víreasach bhólachta i gCuid I d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620. Dá bhrí sin, ba cheart an larscríbhinn sin a leasú dá réir.
- (10) A mhéid a bhaineann le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga, tá fógra tugtha don Choimisiún ag an Iodáil faoi ráigeanna d'ionfhabhtú le séiritíopaí 8 agus 4 den víreas gormtheanga in Friuli Venezia Giulia agus Bolzano faoi seach, ar criosanna iad a bhí saor ó ghalair roimhe sin. Ina theannta sin, tá fógra tugtha don Choimisiún ag an Liotuáin, ag an Ungáir agus ag an Ríocht Aontaithe, ag gníomhú di i ndáil le Tuaisceart Éireann i gcomhréir le Creat Windsor, faoi ráigeanna d'ionfhabhtú le séiritíopa 3 den víreas gormtheanga ar a gcríoch, ar críocha iad a bhí saor ó ghalair roimhe sin. Thairis sin, tá fógra tugtha don Choimisiún ag an bPolainn faoi ráigeanna d'ionfhabhtú le séiritíopa 3 den víreas gormtheanga i gcúigí Opolskie, Wielkopolski agus Zachodniopomorskie, ar ráigeanna iad a

(*) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 ón gCoimisiún an 15 Aibreán 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le formheas an stádas saor ó ghalair agus an stádas neamh-vacsáinthe atá ag Ballstát áirithe nó ag criosanna nó deighleoga díobh i ndáil le galair liostaithe áirithe agus formheas na gclár díothaithe le haghaidh na ngalar liostaithe sin (IO L 131, 16.4.2021, lch. 78, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/620/oj).

dhéanann difear do stádas chríos na Polainne a bhfuil stádas saor ó ghalair fós aige. Ós rud é go bhfuil stádas saor ó ghalair ag críoch iomlán na Liotuáine agus na hUngáire, ag réigiúin Friuli Venezia Giulia agus Bolzano san Iodáil, ag cúigí Slaskie, Małopolskie, agus Świętokrzyskie agus roinnt réigiún de chúigí Łódzkie, Opolskie, Kujawsko-Pomorskie, agus Wielkopolskie sa Pholainn, agus ag an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann, agus go liostaítear iad i gCuid I d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620, ba cheart formheas an stádais saor ó ghalair i leith ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga a aistarraingt ó chríoch iomlán na Liotuáine agus na hUngáire, ó réigiúin Friuli Venezia Giulia agus Bolzano san Iodáil, ó chúigí Slaskie agus Opolskie agus ó roinnt réigiún de chúigí Łódzkie, Świętokrzyskie, Kujawsko-Pomorskie, Małopolskie, agus Wielkopolski sa Pholainn, agus ón Ríocht Aontaithe, ag gníomhú di i ndáil le Tuaisceart Éireann i gcomhréir le Creat Windsor. Dá bhrí sin, na hiontrálacha san Iarscríbhinn sin a bhaineann leis an Iodáil, leis an Liotuáin, leis an Ungáir agus leis an bPolainn, chomh maith leis an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann, ba cheart iad a leasú dá réir.

- (11) A mhéid a bhaineann le neacróis fhuilghinte ionfhabhtaíoch, tá faisnéis curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag an bhFionlainn lena léirítear go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le stádas saor ó ghalair i leith neacróis fhuilghinte ionfhabhtaíoch a fhormheas, coinníollacha a leagtar síos le Rialachán Tarmilgthe (AE) 2020/689, le haghaidh na deighleoge atá fágtha san Fhionlainn nach n-aithnítear mar chríos saor ó ghalair go fóill. Tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh, tá sé léirithe go gcomhlíonann an t-iaratas sin na critéir a leagtar síos i gCuid II, Caibidil 4, de Rialachán Tarmilgthe (AE) 2020/689 maidir le stádas saor ó ghalair a dheonú i leith neacróis fhuilghinte ionfhabhtaíoch. Dá bhrí sin, ba cheart críoch iomlán na Fionlainne a liostú i gCuid I d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620, mar chríoch ag a bhfuil stádas saor ó ghalair i leith neacróis fhuilghinte ionfhabhtaíoch. Dá bhrí sin, ba cheart an Iarscríbhinn sin a leasú dá réir.
- (12) A mhéid a bhaineann leis an bhfliú éanúil ardphataiginéach, le hAirteagal 8 de Rialachán Tarmilgthe (AE) 2024/2623 leagtar síos forálacha idirthrímheacha agus foráiltear maidir le hoibreoí deighleoge éanlaithé clóis atá formheasta i ndáil leis an bhfliú éanúil i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 616/2009 ón gCoimisiún (⁹), agus atá liostaithe mar oibreoí atá saor ón bhfliú éanúil ardphataiginéach in Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620, go bhfuil siad le hiarratas a dhéanamh ar stádas saor ó ghalair a fhormheas i ndáil leis an bhfliú éanúil ardphataiginéach i gcomhréir le hAirteagal 4 den Rialachán Tarmilgthe sin laistigh de thréimhse 12 mhí ó dháta a theacht i bhfeidhm, is é sin an 24 Deireadh Fómhair 2024, é sin nó go ndéanfaidh an t-údarás inniúil an formheas a aistarraingt ag deireadh na tréimhe sin. Tá faisnéis curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag an bhFrainc agus ag an Ísiltír lena léirítear go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le stádas saor ó ghalair a fhormheas i leith an fhliú éanúil ardphataiginéach, coinníollacha a leagtar síos i Rialachán Tarmilgthe (AE) 2024/2623, le haghaidh cuid de na deighleoga atá liostaithe faoi láthair, is iad sin ISA Bretagne, SASSO Sabres agus SASSO Soultré sa Fhrainc agus Institut de selection animale B.V san Ísiltír. Níl faisnéis maidir le deighleoga a fhormheas le haghaidh an fhliú éanúil ardphataiginéach curtha isteach ag aon Bhallstát eile. Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 a thabhairt cothrom le dáta chun na deighleoga sin sa Fhrainc agus san Ísiltír a chuimsiú. Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 a leasú dá réir.
- (13) Thairis sin, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2692 ón gCoimisiún (⁹) leasaíodh an tábla a leagtar amach i gCuid II d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620, trí na hOileáin Bhailéaracha sa Spáinn a liostú mar chríos ag a bhfuil clár díothaithe formheasta maidir le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga, le dáta formheasa tosaigh an 21 Feabhra 2022. Tháinig Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2692 i bhfeidhm an 21 Deireadh Fómhair 2024. Táthar tar éis earráid a bhráth, áfach, i ndáta an fhormheasa tosaigh ós rud é go raibh stádas saor ó ghalair i ndáil le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga ag na hOileáin Bhailéaracha roimh an 21 Deireadh Fómhair 2024 agus, dá bhrí sin, liostaíodh amhlaidh iad i gCuid I d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620. Dá réir sin, ní raibh clár díothaithe formheasta ag na hOileáin Bhailéaracha roimh an 21 Deireadh Fómhair 2024 agus ní féidir gurb é an 21 Feabhra 2022 dáta a bhformheasa tosaigh. Leasaíodh an iontráil a bhaineann leis an Spáinn sa tábla sin ina dhiaidh sin le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/330 (⁹) agus 2025/1401 ón gCoimisiún (⁹), leis an dáta formheasa tosaigh céanna i gcás na nOileáin Bhailéaracha. Dá bhrí sin, is iomchuí dáta an 21 Feabhra 2022 a cheartú agus dáta theacht i bhfeidhm Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2692 a chur ina ionad, is é sin an 21 Deireadh Fómhair 2024. Dá bhrí sin, ba cheart Cuid II d'Iarscríbhinn VIII a cheartú dá réir.
- (14) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuainchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

(⁹) Rialachán (CE) Uimh. 616/2009 ón gCoimisiún an 13 Iúil 2009 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2005/94/CE ón gComhairle a mhéid a bhaineann le deighleoga éanlaithé clóis agus deighleoga éan eile i mbraighdeanas a fhormheas i ndáil le fliú éanúil agus bearta coisctheacha bithshlándála breise i ndeighleoga den sórt sin (IO L 181, 14.7.2009, lch. 16, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2009/616/oj>).

(⁶) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2692 ón gCoimisiún an 17 Deireadh Fómhair 2024 lena leasaítear Iarscríbhinní I agus VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 a mhéid a bhaineann le formheas nó aistarraingt an stádais saor ó ghalair atá ag Ballstáit áirithe nó criosanna díobh i ndáil le galair liostaithe áirithe agus le formheas na gclár díothaithe le haghaidh galair liostaithe áirithe (IO L, 2024/2692, 18.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2692/oj).

(⁷) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/330 ón gCoimisiún an 19 Feabhra 2025 lena leasaítear Iarscríbhinní VIII agus XI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 a mhéid a bhaineann le formheas nó aistarraingt an stádais saor ó ghalair atá ag Ballstáit áirithe nó criosanna díobh i ndáil le galair liostaithe áirithe agus le formheas na gclár díothaithe le haghaidh galair liostaithe áirithe (IO L, 2025/330, 20.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/330/oj).

(⁸) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1401 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2025 lena leasaítear Iarscríbhinní I, VIII, XI, XV, XVI agus XVII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 a mhéid a bhaineann le formheas nó aistarraingt an stádais saor ó ghalair atá ag Ballstáit áirithe, nó ag criosanna nó deighleoga díobh, i ndáil le galair liostaithe áirithe agus le formheas na gclár díothaithe le haghaidh galair liostaithe áirithe (IO L, 2025/1401, 15.7.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1401/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinní I go IV, VII, VIII, XI agus XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 i gcomhréir le Cuid I den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Ceartaítear Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 i gcomhréir le Cuid II den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 9 Feabhra 2026.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

CUID I

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620

Leasaítear Iarscríbhinní I go IV, VII, VIII, XI agus XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 mar a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn I mar a leanas:

(a) i gCuid I, leasaítear Caibidil 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an Iodáil:

'an Iodáil	Regione Abruzzo: Provincia di Pescara, Teramo, Chieti Regione Basilicata: Provincia di Matera Regione Calabria: Provincia di Vibo Valentia Regione Campania: Provincia di Avellino, Benevento, Napoli Regione Emilia-Romagna Regione Friuli Venezia Giulia Regione Lazio Regione Liguria Regione Lombardia Regione Marche Regione Molise Regione Piemonte Regione Puglia: Provincia di Bari, Barletta-Andria-Trani, Brindisi, Lecce Regione Sicilia: Provincia de Agrigento, Trapani, Caltanissetta Regione Sardegna Regione Toscana Regione Trentino – Alto Adige Regione Umbria Regione Valle d'Aosta Regione Veneto'
------------	--

(ii) cuirtear isteach an iontráil seo a leanas a bhaineann leis an Ungáir idir an iontráil a bhaineann le Lucsamburg agus an iontráil a bhaineann le Málta:

'an Ungáir	Críoch iomlán'
------------	----------------

(b) i gCuid I, Caibidil 2, cuirtear isteach an iontráil seo a leanas a bhaineann leis an gCróit idir an iontráil a bhaineann leis an bhFrainc agus an iontráil a bhaineann leis an Iodáil:

'an Chróit	Críoch iomlán'
------------	----------------

(c) i gCuid II, leasaítear Caibidil 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an Iodáil:

'an Iodáil	Regione Abruzzo: Provincia dell'Aquila, Regione Basilicata: Provincia di Potenza Regione Calabria: Provincia di Catanzaro, Cosenza, Crotone, Reggio Calabria Regione Campania: Provincia di Caserta, Salerno Regione Puglia: Provincia di Foggia, Taranto Regione Sicilia seachas Provincia Agrigento, Trapani, Caltanissetta'
------------	--

(ii) scriostar an iontráil a bhaineann leis an Ungáir;

(d) i gCuid II, Caibidil 2, scriostar an iontráil a bhaineann leis an gCróit;

(2) leasaítear Iarscríbhinn II mar a leanas:

- (a) i gCuid I, cuirtear isteach an iontráil seo a leanas a bhaineann leis an gCróit idir an iontráil a bhaineann leis an bhFrainc agus an iontráil a bhaineann leis an Iodáil:

'An Chróit	Críoch iomlán'
------------	----------------

- (b) i gCuid II, scriostar an iontráil a bhaineann leis an gCróit;

(3) leasaítear Iarscríbhinn III mar a leanas:

- (a) i gCuid I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an bPolainn:

'an Pholainn	Cúige Dolnośląskie: gach powiat Cúige Kujawsko-pomorskie: gach powiat Cúige Podlaskie, na powiaty seo a leanas: łukowski, rycki, puławski, opolski, kraśnicki, janowski, lubelski, m. Lublin, lubartowski, radzyński, parczewski, bialski, m. Biała Podlaska Cúige Lubuskie: gach powiat Cúige Łódzkie: gach powiat Cúige Małopolskie: gach powiat Cúige Mazowieckie: gach powiat Cúige Opolskie: gach powiat Cúige Podkarpackie, na powiaty seo a leanas: stalowowolski, tarnobrzegi, m. Tarnobrzeg, niżański, leżajski, łańcucki Cúige Podlaskie: gach powiat Cúige Pomorskie: gach powiat Cúige Śląskie: gach powiat Cúige Świętokrzyskie: gach powiat Cúige Warmińsko-mazurskie: gach powiat Cúige Wielkopolskie: gach powiat Cúige Zachodniopomorskie: gach powiat'
--------------	---

- (b) i gCuid II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an bPolainn:

'an Pholainn	Cúige Podlaskie, na powiaty seo a leanas: włodawski, łączyński, świdnicki, krasnostawski, zamojski, m. Zamość, biłgorajski, chełmski, m. Chełm, hrubieszowski, tomaszowski Cúige Podkarpackie: na powiaty seo a leanas: lubaczowski, przeworski, jarosławski, rzeszowski, m. Rzeszów, strzyżowski, krośnieński, m. Krosno, sanocki, leski, bieszczadzki, przemyski, m. Przemyśl, Brzozowski, ropczycko-sędziszowski, jasielski, dębicki, mielecki, kolbuszowski'
--------------	---

(4) Leasaítear Iarscríbhinn IV mar a leanas:

- (a) i gCuid I, cuirtear isteach an iontráil seo a leanas a bhaineann leis an gCróit idir an iontráil a bhaineann leis an bhFrainc agus an iontráil a bhaineann leis an Iodáil:

'An Chróit	Críoch iomlán'
------------	----------------

- (b) i gCuid II, scriostar an iontráil a bhaineann leis an gCróit;

(5) Leasaítear Iarscríbhinn VII mar a leanas:

(a) i gCuid I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an nGearmáin:

'an Ghearmáin	Bundesland Baden-Württemberg Bundesland Bayern Bundesland Brandenburg Bundesland Bremen Bundesland Hamburg Bundesland Hessen Bundesland Mecklenburg-Vorpommern Bundesland Niedersachsen, except Landkreis Cuxhaven Bundesland Nordrhein-Westfalen, except Kreis Höxter Bundesland Schleswig-Holstein Bundesland Rheinland-Pfalz Bundesland Saarland Bundesland Sachsen Bundesland Sachsen-Anhalt Bundesland Thüringen'
---------------	--

(b) i gCuid II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an nGearmáin:

'an Ghearmáin	Bundesland Berlin Bundesland Niedersachsen: Landkreis Cuxhaven Bundesland Nordrhein-Westfalen: Kreis Höxter	21.2.2022';
---------------	---	-------------

(6) in Iarscríbhinn VIII, leasaítear Cuid I mar a leanas:

- (a) scriostar an iontráil a bhaineann leis an Liotuáin;
- (b) scriostar an iontráil a bhaineann leis an Ungáir;
- (c) scriostar an iontráil a bhaineann leis an Iodáil;
- (d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an bPolainn:

'an Pholainn	Críoch iomlán na Polainne, seachas: województwo dolnośląskie; województwo kujawsko-pomorskie; województwo lubuskie; województwo łódzkie; województwo opolskie; województwo pomorskie; województwo śląskie; województwo wielkopolskie; województwo zachodniopomorskie; w województwie małopolskim: — powiat chrzanowski, — powiat krakowski, — miasto na prawach powiatu Kraków, — powiat limanowski, — powiat miechowski, — powiat myślenicki, — powiat nowotarski, — powiat olkuski, — powiat oświęcimski, — powiat suski, — powiat wadowicki,
--------------	--

	— w powiecie proszowickim: gmina Koniusza, gmina Radziemice, — w powiecie wielickim: gmina Biskupice, gmina Gdów, gmina Niepołomice, gmina Wieliczka;
	w województwie mazowieckim: — powiat gostyniński, — powiat mławski, — powiat płocki, — miasto na prawach powiatu Płock, — powiat przasnyski, — powiat sierpecki, — powiat żuromiński, — w powiecie ciechanowskim: gmina Ciechanów, miasto Ciechanów, gmina Głinojeck, gmina Grudusk, gmina Opinogóra Górna, gmina Regimin, — w powiecie makowskim: gmina Krasnosielc, gmina Płoniawy-Bramura, gmina Sypniewo, — w powiecie ostrołęckim: gmina Baranowo, gmina Czarnia, gmina Kadzidło, gmina Lelis, gmina Łyse, gmina Myszyniec, gmina Olszewo-Borki, — w powiecie płońskim: gmina Baboszewo, gmina Czerwińsk nad Wisłą, gmina Dzierżążnia, gmina Naruszewo, gmina Raciąż, miasto Raciąż, — w powiecie sochaczewskim: gmina Brochów, gmina Iłów, gmina Młodzieszyn, gmina Nowa Sucha, gmina Rybno, gmina Sochaczew, miasto Sochaczew;
	w województwie podlaskim: — w powiecie kolneńskim: gmina Kolno, miasto Kolno, gmina Turośl, — w powiecie łomżyńskim: gmina Zbójna;
	w województwie świętokrzyskim: — w powiecie jędrzejowskim: gmina Nagłowice, gmina Sędziszów, gmina Słupia (Jędrzejowska), gmina Wodzisław, — w powiecie włoszczowskim: gmina Kluczewsko, gmina Moskorzew, gmina Radków, gmina Secemin, gmina Włoszczowa;
	w województwie warmińsko-mazurskim: — powiat bartoszycki, — powiat braniewski, — powiat działdowski, — powiat elbląski, — miasto na prawach powiatu Elbląg, — powiat giżycki, — powiat iławski, — powiat kętrzyński, — powiat lidzbarski, — powiat mrągowski, — powiat nidzicki, — powiat nowomiejski, — powiat olsztyński, — miasto na prawach powiatu Olsztyn, — powiat ostródzki, — powiat piski, — powiat szczycieński, — powiat węgorzewski,

	— w powiecie elckim: gmina Elk, miasto Elk, gmina Stare Juchy, — w powiecie gołdapskim: gmina Banie Mazurskie, gmina Gołdap, — w powiecie oleckim: gmina Kowale Oleckie, gmina Świątajno.'
--	--

(e) scriostar an iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe (Tuaisceart Éireann);

(7) in Iarscríbhinn XI, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrálacha a bhaineann leis an Ísiltír agus leis an bhFrainc:

'an Fhrainc	ISA Bretagne, atá comhdhéanta de na bunaíochtaí EDE 22080055, EDE 22277180, EDE 22203429, EDE 22059174 agus EDE 22295000; SASSO Sabres, atá comhdhéanta den bhunaíocht EDE 40246082; SASSO Soultré, atá comhdhéanta den bhunaíocht EDE 72341105.
an Ísiltír	Institut de selection animale B.V le huimhir formheasa 2338, atá comhdhéanta de na cuideachtaí seo a leanas: — Institut de Selection Animale B.V., St. Anthonisweg 65 B, 5831 AD Boxmeer — ISA Siebengewald, Horsterbeekweg 5, 5853 GD Siebengewald — ISA Landhorst, Boekelsebaan 16, 5445 NH Landhorst — Mts. Everts, Riegshoogtendijk 146, 7913 TC Hollandscheveld — Mts. Van der Zee, Bakkeveenseweg 1, 9343 TB Een-West — Scherpenkate, Oosterkampen 2, 7722 VZ Dalfsen — Mts. Steverink, Dinxperloseweg 26b, 7064 LA Silvolde — Melitz V.O.F. Zeewolde, Ooievaarsweg 5, 3897 LG, Zeewolde'

(8) in Iarscríbhinn XIII, Cuid I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an bhFionlainn:

'an Fhionlainn	Críoch iomlán'
----------------	----------------

CUID II

Ceartúcháin ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620

in Iarscríbhinn VIII, Cuid II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an Spáinn:

Ballstát	Críoch	Dáta an fhormheasa tosaigh dá dtagraítear in Airteagal 15(2) de Rialachán Tarmilgthe (AE) 2020/689
'An Spáinn	Comunidad Autónoma de las Islas Baleares	21.10.2024'